2024/1861

1.7.2024

CINNEADH (AE) 2024/1861 ÓN gCOMHAIRLE EORPACH

an 28 Meitheamh 2024

lena dtoghtar Uachtarán na Comhairle Eorpaí

TÁ AN CHOMHAIRLE EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 15(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 30 Samhain 2024, tiocfaidh deireadh le téarma oifige Uachtarán reatha na Comhairle Eorpaí, Charles MICHEL.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Uachtarán nua ar an gComhairle Eorpach a thoghadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Toghtar leis seo António COSTA ina Uachtarán ar an gComhairle Eorpach don tréimhse ón 1 Nollaig 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2027.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meitheamh 2024.

Thar ceann na Comhairle Eorpaí

An tUachtarán

C. MICHEL